



Central Statistics Office An Phríomh-Oifig Staidrimh

Press Statement Preas Ráiteas

Daonáireamh 2006 – Réamhthuaisc

An daonra ag an leibhéal is airde ón mbliain 1861

Mhéadaigh daonra an Stáit faoi 318,000 daoine idir na blianta 2002 agus 2006 go dtí gur shroich sé an leibhéal is airde ar thaifead in aon daonáireamh ón mbliain 1861, sin de réir tuairisce atá foilsithe inniu *Daonáireamh 2006 – Réamhthuaisc*. **4,234,925** daoine é an t-iomlán don daonra a cuireadh san áireamh ar oíche an 23 Aibreán 2006, i gcomparáid le 3,917,203 i mí an Aibreáin 2002, is ionann sin agus méadú de 8.1% le ceithre bliana nó 2% gach bliain.

Baineann inimirce go mór leis an scéal

Bhí 46,000 níos mó inimirce chun na tíre ar an meán ná eisimircigh gach bliain sa tréimhse 2002-2006 i gcomparáid le 33,000 níos mó breitheanna go bliantúil ná básanna. Don tréimhse 1996-2002 b'iad 26,000 agus 23,000 na figiúirí, faoi seach, a bhí i gceist.

An fás ba mhó daonra san AE

Má bhreathnaítear ar thréimhse deich mbliana, mhéadaigh daonra na hÉireann ag meán ráta bliantúil de 1.6% idir na blianta 1996 agus 2006 – an ráta ba mhó fáis daonra san AE. B'iad an Chipir (+1.5%) agus Lucsamburg (+1.2%) na tíortha amháin eile a thaifead rátaí fáis daonra níos airde ná 1% don tréimhse seo.

Daonra Fhine Gall agus na Mí méadaithe níos mó ná an cúigiú cuid

Mhéadaigh daonra Fhine Gall (+43,400) agus na Mí (+28,616) níos mó ná an cúigiú cuid idir na blianta 2002 agus 2006. In éineacht le Cill Dara (+22,131), b'ionann an trí chontae seo le chéile agus 30% den ardú náisiúnta sa daonra. Bhí méadú mór i gcontaetha eile i gCúige Laighean freisin, Laoighis (+14%), Loch Garman (+12.9%), Uíbh Fhailí (+10.9%), an Iarmhí (10.5%) agus Cill Mhantáin (10.2%).

Taobh amuigh de Fhine Gall, ní raibh ach méadú réasúnta beag ar an daonra sa chuid eile d'Átha Cliath, beagainín níos mó ná 20,000 agus, mar thoradh, d'fhás an daonra iomlán 5.6% - sin ráta a bhí cuid mhaith níos lú ná an 8.1% de mhéadú sa Stát ina iomlán.

D'fhás daonra Liatroime beagnach 12% idir na blianta 2002 agus 2006. Bhí méadú beag ann de 3% idir na blianta 1996 agus 2002, rud a bhí suntasach ann féin mar gheall go raibh laghdú tagtha i gcónaí ar an daonra sa cheantar sin le ós cionn céad go leith bliain.

B'iad Cathair Chorcaí agus Cathair Luimní an t-aon dá chontae riaracháin den 34 sa Stát a thaifead titim sa daonra sa tréimhse 2002-2006.

Tuilleadh /...

Méadú nádúrtha dearfach i ngach contae

Bhí méadú nádúrtha dearfach i ngach contae sa tréimhse idirdhaonáirimh 2002-2006 leis na rátaí b'airde sna contaetha leis an bpróifíl aoise b'óige (Fine Gall, Deisceart Átha Cliath, Cill Dara agus Co. na Mí) agus na rátaí ba lú sna contaetha leis an bpróifíl aoise ba shine (Liatroim, Ros Comáin agus Maigh Eo).

Bhí eisimirce ghlan i sé chinn den tríocha ceathar contae riaracháin idir na blianta 2002 agus 2006. B'iad seo cathracha Luimní, Corcaí, Port Láirge agus Átha Cliath chomh maith le Átha Cliath Theas agus Dún Laoghaire-Rath an Dúin. Bhain go leor cúiseanna leis seo ina measc 'páistí' fásta ag fágáil tithe a dtuismitheoirí, scéimeanna athnuachana uirbeacha agus tograí feabhsaithe a bhain le sean tithe a leagan.

Baile Bhlainséir-Baile an Bhlácaigh an ceantar beag ba mhó fáis

Ag leibhéal toghlaigh (ED), bhí an méadú b'airde sa daonra idirdhaonáirimh ar thaifead i mBaile Bhlainséir-Baile an Bhlácaigh i bhFine Gall - suas 7,901 go dtí 32,305 in Aibreán 2006. I measc na dtoghlaigh eile ina raibh méadú sa daonra sa bhreis ar 5,000 sa tréimhse 2002-2006 bhí an Uaimh Tuath (+5,176) i gCo na Mí agus Baile Brigín Tuath (+5,150) i bhFine Gall.

Is féidir teagmháil a dhéanamh linn le cóipeanna den fhoilseachán a fháil:

An Phríomh-Oifig Staidrimh, Rannóg an Eolais, Bóthar na Sceithe Airde, Corcaigh

nó

Oifig Díolta Foilseacháin Rialtais, Teach Sun Alliance, Sráid Theach Laighean, Baile Átha Cliath 2.

Praghas: €15.00

Is féidir cóipeanna a íoschóipeáil freisin ó shuíomh idir na POS (www.cso.ie).

Tuilleadh eolais ar fáil ó:

An Phríomh-Oifig Staidrimh, Bóthar Átha Fhirdia, Ráth Maonais, Baile Átha Cliath 6.

Fiosrúcháin an Daonáirimh	(01) 498 4000 folíne 4284-4288
Facs:	(01) 498 4268
R-phost:	census@cso.ie
Idirlíon:	http://www.cso.ie

An Phríomh-Oifig Staidrimh

19 Iúil 2006

– CRÍOCH –